

Comharchumann Mhic Dara

Coróinvíreas COVID-19

Mar eolas;

Tá an Crompán ar fáil do na seirbhísí éigeandála agus cosanta i láthair na huaire, más gá agus pobail na tíre ag deileáil leis an gCoróinvíreas (COVID-19).

Má tá aon duine/gnó a mbeadh trealamh an chompán in ann tacú leo le linn na hama seo, ní gá ach glaoch ar Oifig Comharchumann Mhic Dara ag 091869750 nó ar Bhainisteoir an Chomharchumann Seán Ó Domhnaill ag 0879670148

Coiste Bainistíochta, Comharchumann Mhic Dara

Coróinvíreas COVID-19



Má tá fiabhras ort agus/nó casacht, ba cheart duit fanacht sa bhaile fiú mura raibh tú ag taisteal nó i dteagmháil le duine le COVID.

Má tháinig tú ó cheantar ina bhfuil srianta taistil de bharr COVID-19 ba chóir duit srian a chur ar do ghluaiseachtaí ar feadh 14 lá. Tá liosta de na ceantair atá buailte ar fáil ar www.dfa.ie

Conas tú féin a chosaint



Nigh

do lámha go maith agus go minic chun éilliú a sheachaint



Clúdaigh

do bhéal agus do shrón le ciarsúr páipéir nó le muinchille má bhíonn tú ag casacht nó ag sraothartach



Seachain

do lámha a chur ar do shúile, do shrón nó do bhéal le lámha nach bhfuil nite



Glan

agus díghalraigh rud ar bith a ndéanann tú teagmháil leis



Ná

croith lámha nó nach tabhair barróg agus tú ag rá heileo le daoine nó ag beannú do dhaoine



Coinnigh

tú féin 2 mhéadar ar a laghad (6 troithe) ar shiúl ó dhaoine eile, go háirithe na daoine a d'fhéadfadh a bheith tinn

Moltar do gach duine:

- > Idirghníomhaíocht shóisialta a **laghdú**
- > **Achar 2m a choinneáil** idir tú féin agus daoine eile
- > **Ná** croith lámh le daoine nó nach gabh róghar do dhaoine más féidir

Má tá comharthaí agat féach ar hse.ie
NÓ cuir scairt ar HSE Live **1850 24 1850**

Siomptóim

> Casacht > Giorra Anála > Deacrachtaí ag Anáil > Fiabhras (Teocht Ard)

Chun an tEolas is Déanaí a Fháil Tabhair Cuiart ar

www.gov.ie/health-covid-19
www.hse.ie

Tá straitéis um shrianadh á feidhmiú in Éirinn de réir comhairle ó WHO agus ó ECDC



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland